BUTLER GALLERY

Sylvia Cooke-Collis: A Pattern of Fish
© Sylvia Cooke-Collis, 2020, Bailiúchán de chuid Ghaileararaí de Buitléir, Cill Chainnigh

Bí ag Smaoineamh

An maith leat dathanna na farraige anseo?
An bhfeiceann tú éisc sa phictiúr?
An bhfeiceann tú rud ar bith eile seachas éisc?

Tugann an t-ealaíontóir A Pattern of Fish ar an bpictiúr. An teideal maith é? An maith leatsa an patrún atá le feiceáil anseo?

Dá mbeadh patrún á dhéanamh agatsa cén saghas patrúin a bheadh ann? An mbeadh éisc ann nó an mbeadh rudaí difriúla ann?

Dá mbeadh tusa ag déanamh pictiúr den fharraige an mbeadh na dathanna seo ann nó dathanna difriúla? An mbeadh níos mó dathanna ann?

Cén saghas saoil a bhíonn ag iasc? Céard a dhéanann na héisc an lá ar fad?
Céard a dhéanann siad san oíche?
An mbíonn eagla orthu riamh? (roimh éisc níos mó / roimh iascairí)

Bí ag Scríobh nó ag déanamh pictiúir

Iasc neirbhíseach is ea Iarla Iasc. Scríobh scéal (nó dán) faoina shaol mar iasc nó faoi lá amháin dá shaol.

nó

Scríobh dán dar teideal Dathanna na Farraige

nó

Scríobh scéal nó dán faoi Lá Cois Trá

nó

Bain úsáid as péint nó pinn luaidhe nó colláis chun do phatrún féin a dhéanamh. Cén teideal a chuirfidh tú air?

nó

Bailigh páipéar nó boscaí ildaite nó píosaí cairtchláir (B'fhéidir go bhfuil rudaí spéisiúla sa bhosca athchúrsála). Stróic nó gearr iad agus déan colláis den fharraige. D'fhéadfá éisc de gach sórt agus feamainn agus rud ar bith eile a chur ann.

Bain sult as

Áine Ní Ghlinn

© Áine Ní Ghlinn